



**AONTACHT NÓ
NEAMHSPLÉACHAS
ALBAIN ABÚ!**

TAOBH ISTIGH:

| | |
|--|----|
| Ceacht beag | 2 |
| Meas ar a dteanga? | 2 |
| Na gnáthfhreagraí | 2 |
| An Garda Eilvéiseach | 3 |
| Scéal Grinn | 3 |
| Turas na nAibhneacha II | 4 |
| Cúis le suim sa Ghaeilge | 4 |
| Cad a tharla d'Idi Amin? | 5 |
| Scéal faoi Idi Amin | 5 |
| Aiste bia | 5 |
| Bás Mozart | 6 |
| Gaeilgeoirí Dhomhnach Bat | 6 |
| Ficsean osnádúrtha | 7 |
| Fáth bheith i gciorcail comhrá | 7 |
| Cúrsaí san Úcráin | 8 |
| Ar mhuintir na gcapall | 8 |
| An Cholóim Crosfhocal & Cuardach focal | 10 |
| Foireann rugbaí na mban | 11 |
| Iománaíocht | 12 |
| Camógaíocht | 12 |



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR I EAGRÁN 9


MEÁN FÓMHAIR 2014

UAIR NA CINNIÚNA?

Sa bhliain 1328 i gConradh Dhún Éideann-Northampton thug Éadbhard III aitheantas do neamhspleáchas na hAlban. Ba é seo buaicphointe coimhlinte fada, a bhí ag dul i dtreo na nAlbanach ó bhuaigh Roibeaird de Brús ar Éadbhard II ag Ailt a'Bhonnaich ([Bannockburn](#)) i 1314. Chuir Acht an Aontais i 1707 deireadh leis an neamhspleáchas. Ach ar an 18ú lá den mhí seo beidh 4.3 milliún Albanach in ann vótáil i Reifreann chun bheith neamhspleách arís. Nuair a thaispeáin pobalbhreith go raibh 51% chun vótáil ar son an neamhspleachais dhúisigh na Tóraithe Sasanacha agus ó shin i leith tá bagairtí éagsúla ag teacht óna gcairde. Dúirt baine mar an RBS, Lloyd's, TSB agus Banc Clydesdale go mbeadh orthu a gceanncheathrú a bhogadh go Sasana. Dúirt urlabhraithe ó John Lewis agus Asda go mbeadh earraí sna siopaí ní ba dhaoire i dtír neamhspleách. Rinneadh tagairt do na mílte státseirbhíseach a bhaineann leis an Aontas atá lonnaithe in Albain. Táthar ag éirí leis na bagairtí seo mar bhí 52% i bhfabhar an Aontais sa phobalbhreith ba dhéanaí. An múchfaidh an eagla faoi thosca geilleagracha bladhm na saoirse i gcróí na nAlbanach? Faraor, is dócha go dtarlóidh sé sin.



Tá dúil ag réigiúin éagsúla ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain sa neamhspleáchas. Tá spéis mhór ag na Bascaigh, ag na Catalónaigh, agus ag na Vallúnaigh san fheachtas agus sa toradh. Má vótáilann na hAlbanaigh i bhfabhar an neamhspleachais beidh impleachtaí móra ann. Cén tionchar a bheidh ag toradh mar seo ar na haontachtaithe i dTuaisceart na hÉireann. Ba as Albain a tháinig a sinsir. An mbeidh siad ag iarraidh ceangal le hAlbain amach anseo? Cad a déarfadh Putin agus na cainteoirí Rúisise san Úcráin agus sna Stáit Bhaltacha? Throid Alex Salmond, ceannaire Pháirtí Náisiúnta Alban (SNP) agus Céad-Aire Pharlaiminte Alban, feachtas cliste go nuige seo. Má theipeann air sa reifreann ní cailleadh iomlán a bheidh ann mar is dócha go bhfaighidh sé níos mó cumhachta dá thír ó Westminster anois. Beidh tacadóirí nua óga aige freisin toisc gur dhúisigh an feachtas spéis sa pholaitíocht i ndaoine agus i dtodhchaí a dtíre. Tá fadhb ag Príomh-Aire na Breataine, David Cameron, mar is ón bPáirtí Coimeádach é agus is beag tacaíochta atá acusan in Albain. Deirimis “*Múscail do mhisneach a Albain. Tiocfaidh do lá!*”



CEACHT BEAG NA GAELIGE -

CLÁSAL COIBHNEASTA INDÍREACH
INDIRECT RELATIVE CLAUSE

Sa Bhéarla deirtear “*who did you give the money to?* / *to whom did you give the money?*”

Sa ghnáthchaint Bhéarla baintear úsáid, den chuid is mó, as an leagan “*who did you give the money to?*” ach sa Ghaeilge is é a mhalairt an scéal agus deirtear “*to whom did you give the money?*”

Breathnaigh ar na samplaí thíos:

“Cé dó ar thug tú an t-airgead?” “*Who did you give the money to? / to whom...?*”

“Cé uaidh a bhfuair sé an t-airgead?” “*Who did he get the money from? / from whom...?*”

“Cé leis a bhfuil tú ag dul?” “*Who are you going with? / with whom...?*”

“Cé chuige ar sheol tú an litir?” “*Who did you send the letter to? / to whom?*”

“Cé leis a mbíonn tú ag caint?*” “*Who are you talking to? / with-to whom....?*”

*Hiberno English = “who do you be talking to....?”

“cé leis...?” “*with whom...?*” “cé dó...?” “*to whom...?*”

“cé uaidh...?” “*from whom...?*” “cé chuige...?” “*to whom...?*”

“cé air...?” “*for whom...?*” (“cé air ar chuir tú fios?” / “*who did you send for?*”)

TURAS: ÉIGSE CHOMÓRTHA MHCIAEL MHÁIRE ‘GHABHA 2014

24, 25 & 26 Deireadh Fómhair, Carna, Conamara: Traein go Gaillimh ag fágáil Stáisiún Heuston 24ú ag 1.25pm; mionbhus ó Gaillimh go dtí Óstán Chuan Charna. Dhá oíche san óstán. Deireadh seachtaine le ceol, le rince, le hamhránaíocht, le ceardlanna, le siamsa agus le spraoi.

Tuilleadh eolais ó Stiofán 086 6669052

**MEAS AG ÉIREANNAIGH AR A dTEANGA?**

Ben Mac Lochlainn

Ba bheag eolais a bhí ag muintir na hÉireann faoi thíortha na Mór-Roinne sna blianta thiar sa stair. Ó thaobh tíreolaíochta de bhí smaointí na nÉireannach dírithe go mór ar dhomhan an Bhéarla. Go traidisiúnta ní raibh ach namhaid amháin againnne, ach ar an Mór-Roinn, áit a bhfuil neart tíortha agus a dteanga go dlúth in aice le chéile, bhí stair chorraithe an chogaidh ann. I gcás na Polainne, mar shampla, bhí neart naimhde aici ón tús. Tháinig athrú ar chúrsaí in Éirinn sna seascaidí leis an turasóireacht idirnáisiúnta nuair a thosaigh daoine ag dul thar lear ar a laethanta saoire. Chonaic siad áiteanna nua, bhuaileadh siad le daoine ó thíortha eile agus chuala siad teangacha eile. Go mall d'éiríomar ní ba neamhchlaonta agus ghlacamar le nósanna nua agus le bia nua. I ré an ‘Tiogair Cheiltigh’ tháinig na mílte eachtrannach chun na tíre seo agus thug siad a gcultúr leo, a dteanga san áireamh - uaireanta níos mó ná teanga amháin! B'fhéidir gurb é sin an fáth nach mbíonn fadhb acu maidir leis an nGaeilge nuair a fheiceann siad í den chéad uair. Dúirt duine glic gurb is iad na hÉireannaigh an t-aon dream amháin a bhfuil fadhb acu leis an nGaeilge - ábhar machnaimh?

is breá linn Gaeilge

**NA GNÁTHFHREAGRAÍ FAOIN nGAELIGE**

Nuair a bhíonn tú ag caint le duine faoin nGaeilge faigheann tú na gnáth trí fhreagra arís agus arís. Má deir tú rud éigin mar “*Is maith liom an Ghaeilge*”, cloiseann tú ón té lena bhfuil tú ag caint “*Ó 'sea, thaitin sí go mór liom nuair a bhíod ar scoil ach tá sí go léir dearmadta agam anois*”, nó “*Ah, an Ghaeilge – níl focal ar bith agam di, ach ba bhreá liom í a bheith agam*” nó an freagra sin a bhfuil taithí againn go léir air “*An Ghaeilge! is fuath liom í. Bhí sí brúite síos mo scórnach agus tugadh léasadh dom fuithi gach lá ar scoil*”. Ag smaoinneamh ar na trí ráiteas sin is féidir linn bheith dóchasach as na trí cinn! Is léir go bhfuil an chéad bheirt sin báuil leis an nGaeilge cheana féin. Ach cad mar gheall ar an triú duine? Tá sé simplí go leor – níl le rá agat ach, “*Faraor, is fíor sin. B'in mar a bhíodh sna laethanta sin ach tá an saol athruithe go mór ó shin. B'in ansin (that was then). Bain triail as arís agus feicfidh tú*”.

AN GARDA EILVÉISEACH

Ben Mac Lochlainn

Ní arm mór é, níl tancanna, gunnaí móra ná trealaimh shofaisticiúla aige ach tá an-cháil air ar fud an domhain. Is iad siúd na fir gléasta in éide ildathach díreach ó sheit **Hollywood**, cheapfá, a fheictear ag fánaíocht thart ina mbeirt ar fud chríocha na Vatacáine. Is beag turasoír chun na Vatacáine nach bhfuil grianghraf leis na saighdiúirí clúiteacha seo tógtha aige. Tugtar an Garda Eilvéiseach orthu agus is é an dualgas a bhíonn orthu ná an Pápa a chosaint. Is sin a n-obair ón séú haois déag nuair a bhunaigh an Pápa Julius 11 iad sa bhliain 1506. I bhfad thiar sa stair, i ré na ríochtaí agus na bprionsachtaí beaga bhí an Iodáil roinnte i stáitíní beaga agus a dTiarnaí nó a dTaoisigh chumhachtacha i gcoimhlint le chéile. Níorbh é go dtí an 19ú aois a rinne Giuseppe Garibaldi na ríochtaí agus na prionsachtaí seo a aontú le chéile chun an chríoch a fhorbairt mar thír amháin, is í sin an Iodáil. Roimhe sin áfach, bhí an Pápa agus an limistéar beag ina raibh eisean agus a lucht leanúna ina gcónaí sa Róimh (Cathair na Vatacáine), faoi ionsaí go minic ó thíortha eile, agus treibheanna eile nár Críostaithe iad. I gcath ar leith an 5 Bealtaine 1527 fuair 147 saighdiúir de chuid an Gharda Eilvéisigh bás ag cosaint an Phápa ó arm Spáinneach a bhí ag tabhairt ionsaithe ar an Róimh.



Is stát iomlán neamhspleách é an Vatacáin lena stampaí agus *Corp Diplomatique* dá chuid féin aige ina mbíonn baill shinsearacha den *Curia* ceaptha mar Ambasadóirí do thíortha eile. Cúpla bliain ó shin scar Rialtas na hÉireann le caidreamh taidhleoireachta leis an Vatacáin, rud nár thuig go leor daoine agus a chuir alltacht orthu. Earcaítear fir óga Chaitliceacha ón Eilvéis le bheith mar Gharda Eilvéiseach. Bíonn orthu scrúdú dian a shárú agus iad cáilaithe i stair na hEorpa agus a bheith ar mhianach maith morálta. In ainneoin é seo go léir bíonn díomá ar mórán a chuireann iarratas isteach ar an nGarda Eilvéiseach.

TURAS: CARN TÓCHAIR, CATHAIR DHOIRE, CLUAINÍN UÍ RUAIRC

Dé Sathairn & Dé Domhnaigh 18 & 19 Deireadh Fómhair, 2014: Turas Dhá Lá ar ShóChoiste Treoraí: Scott de Buitléir. *Costas: €115 in aghaidh an duine. Nil lóistín ná béil in áireamh.*
Tuilleadh eolais ó Seán Ó Coileáin 087 2351825

SCÉAL GRINN NA MÍOSA - CÁ BHFUIL MO CHUID AIRGID?

Faigheann **Godfather** an MAFIA amach go bhfuil a chuntasaóir (**accountant**) Enzo (atá bodhar) tar éis 10 milliún **buck** a ghoid uaidh agus a choimeád dó féin. Nuair a théann an **Godfather** go Enzo chun labhairt leis faoi, tógann sé a chara leis - fear atá in ann teanga chomharthaíochta (**sign language**) a dhéanamh.

(Tá an triúr acu sa seomra ina suí ag bord)



Godfather leis a chara: “*Fiafraigh de cá bhfuil na deich milliúin 'buck' a ghoid sé uaim.*”

Fiafraíonn a chara d’Enzio cá bhfuil an t-airgead.

Freagraíonn Enzo lena lámha: “*Nil a fhios agam cad a bhfuil tú ag caint faoi.*”

An **Godfather** lena chara: “*Cad a dúirt sé?*”

An cara: “*Dúirt sé nach bhfuil a fhios aige cad a bhfuil tú ag caint faoi*”

Le sin, tógann an **Godfather** gunna as a phóca agus diríonn sé ar cheann Enzo é: “*Fiafraigh de arís*”

Comharthaíonn an cara d’Enzio: “*Deir sé go maróidh sé thú muna insíonn tú dó*”

Comharthaíonn Enzo ar ais, “*Maith go leor. Tá an lá leat! Tá an t-airgead i mála cáipéisí donn atá curtha sa talamh taobh thiar den bhothán i gclós mo chol ceathrair Vinny, in Woodbridge!*”

An **Godfather** dá chara: “*Cad a dúirt sé?*”

An cara: “*Deir sé nach bhfuil sé de mhisneach agat an trucear a bhaint!*”






TURAS NA nAIBHNEACHA - II

Liam Mac Eochaidh

D'fhágamar Rudesheim agus ar ár slí dúinn sheolamar thar an gcarraig cháiliúil Loreley, áit, do réir an tseanscéil, a mhealladh na Siréanaí na mairnéalaigh chuig a mbás. Bhí féile ar siúl in Cochem an chéad bhaile eile a shroicheamar, banna ceoil ag seinm ar ardán sa phríomhchearnóg agus na daoine ag damhsa. Ansin as go Bernkastel sráidbhaile beag fíor álainn, corrtheach claonta isteach ar an tsráid agus scríbhinn sa chló Gearmánach ar na sceimhleacha. Bhí bus ag dul go Trier ó Bernkastel ach bhí an lá comh deas sin nach raibh fonn orainn bheith sáite i mbus ar feadh dhá uair a chloig agus bhíomar sásta fanacht agus bheith ag spaisteoireacht in Bernkastel. Chuamar thar n-ais go Cologne i rith na h-oíche agus ar maidín chuamar isteach sa chathair agus thugamar cuairt ar an ardeaglais. Foirgneamh iontach é an eaglais sin ar caitheadh sé chéad bliain á tógáil. Is í an eaglais ghotach is mó i dtuaisceart na hEorpa. Cóngarach don eaglais tá cearnóg ann ar a ghlaotar *An Seanbhaile*. Chuamar



ann ach ní raibh cuma aosta ar an gcearnóg in aon cor. Thar n-ais go dtí an soitheach agus d'fhágamar slán len ár gcairde díreach tar éis ár ndinnéir mar bhí orainn imeacht go dtí an t-aerphort le breacadh an lae.

Soitheach nua is ea an *William Shakespeare*, déanta san Ísiltír sa bhliain 2014. Ba é an tríú turas a bhí á dhéanamh aici nuair a chuamar ar bord i mí an Mheithimh 2014. Tá ceithre dhuine is tríocha san fhoireann aici agus is féidir lóistín a thabhairt do céad go leith paisinéir. Sasanaigh agus Albanaigh is mó a bhí ann agus scata beag ó Éirinn, iad uilig in a seachtóidí agus in a n-ochtóidí. Is é *Riviera Travel* (01 9056300) an comhlucht a shocraigh an turas dúinn. An costas: €1,599 an duine i gcóir lóistín iomlán seacht lá. In a theannta sin moltar dúthracht (*goodwill offering*) €5 an duine *per diem* don fhoireann.

AN CHÚIS GO BHFUIL SUIM AGAM SA GHAELIGE

Seán Ó hAodha

Ar scoil thaitin an Ghaeilge go mór liom. Ag an am sin bhí níos mó tábhachta i scríobh na Gaeilge ná ina labhairt gach lá. Mór an trua! Cúpla bliain ó shin chonaic mé an dornálaí, Bernard Dunne, ar an teilifís. Chuaigh sé ag rith ar fud na tíre ag labhairt leis na sluaite daoine agus iad á ngríosú chun bród a bheith orthu as an teanga féin. Mar shampla, labhair sé le slua mór peileadóirí agus tacadóirí i bPáirc an Chrócaigh agus d'iarr orthu bród a bheith acu as an teanga. Bhí ceachtanna ar RTÉ ina dhiaidh sin agus gach seachtain bhí mise agus go leor daoine ag foghlaim na ceachtanna sin. Bhí mé ag dul i bhfeabhas sa Ghaeilge céim ar chéim.


Cúis phearsanta domsa an spéis sa Ghaeilge ná go raibh ainm gaelach ar sheanuncail mo mháthar - ba é sin an tAthair Ó hÍfearnáin, an chéad sagart paróiste i gCillín Chaoimhín (*Hollywood*), Co. Chill Mhantáin. Sin é an t-ainm ar a chloch chinn sa reilig mar bhí spéis aige sa Ghaeilge. Ag an am bhí a lán daoine ag cailleadh an ghrá don teanga. Tá sé mar aidhm agam taighde a dhéanamh ar a shaol agus ar an gcúis go raibh spéis aige sa teanga. Cúis eile ná an dráma "*Translations*" a chonaic mé uair amháin. Sa drama sin bhí na Sasanaigh ag aistriú an t-ainm Gaeilge a bhí ar gach baile agus ag cur i mBéarla iad ar léarscáil nua. An chúis ar sin ná go ndearna sé an taisteal timpeall na tíre níos fusa do na saighdiúirí Sasanacha!! Is é mo thuairim go bhfuil ciall leis an ainm Gaeilge ar gach áit agus go bhfuil an míniú sin i bhfolach san ainm Béarla nua. Cad is fearr, an t-ainm Tír an Iúir (*land of the yew tree*) nó *Terenure*, Cluain Meala (*honey meadow*) nó *Clonmel*? Tá míniú san ainm Gaeilge; níl míniú ar bith san ainm Béarla. B'fhéidir gur am é na hainmneacha a aistriú ar ais! Mar gheall ar an chúis deireannach, timpeall bliain ó shin bhí clár faisnéise ar TG4, á léiriú ag Alan Titley, an scríbhneoir san *Irish Times*. Is é an t-ábhar a bhí á léiriú ná aimsir na dTúdar in Éirinn agus iad ag múchadh ár dteanga Gaelaí. Chuir sin fearg mhór orm!! Ní mór dúinn ár dteanga a athbheochan má tá bród ar bith orainn! Sin iad na cúiseanna go dtagaim go *Cates Café* gach Satharn!



CAD A THARLA D'IDI AMIN?

Dick Armstrong

Cé hé? deir tú. Bá dheachtóir in Uganda é sna seascaidí. Bhí sé inaitheanta ar an tort mar gheall ar a mhéad – bhí airde sé troithe ceithre orlaí air - agus an miongháire mór a bhí ar a bhéal beagnach gach am agus é faoi agallamh le tuairisceoir ó thar lear. Ach taobh amuigh den mhiongháire sin bhí aigne cruálach an deachtóra aige - aigne neamhthrócaireach. Rugadh é i 1925 agus roimh neamhspléachas Uganda ba leascheannaire (*Corporal*) sa *King's African Rifles* é. Nuair a bhí sé ina deachtóir thug sé ardú céime dó féin go dtí grád marascail mhachaire (*Field Marshal*). Tharraing sé ár n-aghaidh air den chéad uair nuair a tháinig sé i gcumhacht sa tír tar éis *coup d'état* a d'eagraigh sé i 1971 i gcoinne Milton Obóté a bhí ina uachtarán ag an am.



Ba cheann dá chéad ghnímh é ná daoine de shliocht na hÁise a dhíbirt as an tír. Mar thoradh air sin d'fhág na céadta míle Indiach, Pacastánach agus eile Uganda. Ach cé gur thaitin sé seo le muintir Uganda ba dhearmad mór é ó thaobh leas na tíre de mar i measc iad siúd a d'imigh bhí lucht gnó, lucht trádála, saineolaithe oideachais agus leighis agus níor tháinig Uganda ná a mhuintir slán go fíor ó shin i leith. Lé síniú ordaithe amháin bhí sé tar éis Uganda a chúlú caoga bliain. Chaith sé an-chuid airgid ar chúrsaí míleata. Sa bhliain 1976 d'fhuadaigh sceimhlitheoirí Palaistíneacha eitleán de chuid Air France agus thug Amin cead dó tuirlingt in Entebbe, baile eile in Uganda. Bhí breis is céad Iosraelach ar bord agus déanann an scannán '*Raid on Entebbe*' an-chur síos ar an dóigh ar thug fórsaí speisialta Iosraelacha slán iad. Ach bhí daoine ag éirí bréan d'Amin. Bhí an tír caite ina traipisí agus thosaigh sé cogadh leis an Tansáin (*Tanzania*). Ní raibh an bua aige agus theith sé chuig an Araib Shádach (*Saudia Arabia*) áit ar éag sé in ospidéal le cliseadh duánach (*kidney failure*) in 2003.

SEIRINDIPIÓCHT - SCÉAL FAOI IDI AMIN

Bhuail mé le dochtúir ag an maidin chaife i Ráth Eanaigh ar na mallaibh. Mar is gnáth ar na hócáidí seo agus duine nua i láthair thosaigh mé á cheistiú faoina shaol. Chaith sé bliain in Uganda agus é ina dhochtúir óg agus chas sé ar Idi Amin a bhí ina ghinearál san arm ag an am. Bhí an dochtúir seo agus eachtrannaigh eile in óstlann mhór sa cheantar. Tháinig Amin isteach, labhair sé leo, d'ordaigh sé deoch do gach duine sa chomhluadar agus d'imigh sé. Tharla an rud céanna cúpla seachtain ina dhiaidh sin. Sheol an bainisteoir an bille do na deochanna chuig Amin. Ní bhfuair sé aisfhreagra, níor íocadh an bhille. Ansin lá amháin tháinig Amin agus scata saighdiúirí go dtí an óstlann. Rug siad greim ar an mbainisteoir agus chuir siad é i gcoinne an bhalla. Bhí lámha acu thart ar a scornach. Bhagair siad é toisc gur chuir sé isteach ar Amin. Bhí an fear bocht ag crith le heagla ag ceapadh go raibh a lá deireanach sroichte aige. Ach bhí an t-ádh leis. Ligeadh saor é tar éis tamaill. “Cheannaigh” Idi Amin deochanna arís don chomhluadar eachtrannach a bhí san óstlann. Níor sheol an bainisteoir aon bhille chuige an uair seo ná aon uair ina dhiaidh sin!

In óráid in Ollscoil Rice in Houston, Texas, an 12 Meán Fómhair 1962, dúirt an tUachtarán John F. Kennedy go raibh sé mar sprioc ag na Stáit Aontaithe '*fear a chur ar an Ghealach i gceann deich mbliana - roimh dheireadh na tréimhse sin*'. Rinneadh de réir a bhriathair. Ba é Neil Armstrong an chéad fhear le siúl ar an Ghealach. Tharla sé an 20 Iúil 1969. D'éag Neil Armstrong i 2012.



AISTE BIA (DIET)

MC, Na Scéirí

Dúirt mo dhochtúir liom go raibh mo cholaistéaról beagáinín ard, cúpla mí ó shin. Ach bhí réiteach aige dom chomh maith. Dúirt sé gur chóir dom laghdú a dhéanamh ar shiúcra, im agus salann. Thosaigh mé ag léamh na lipéad ar shearróga sna h-ollmhargaidh. Mar shampla, fuair mé amach go raibh 21.9% de oráistí i marmaláid, agus 79.1% de siúcra; agus nach raibh aon bhlas ar bith ar an chuid is mó den im éadrom.



Fuair mé amach go raibh marmaláid iontach déanta ag comhlacht lonnaithe i gCúil Aodha, i nGaeltacht Chorcaí. Níl aon siúcra sa mharmaláid seo. Tá 50% de oráistí inti, agus 50% de shúlach úll, fionchaor (*grapes*), agus rudaí nádúrtha eile. *Follain* is ainm den mharmaláid seo. Tháinig mé ar im éadrom chomh maith ó *Chonnacht Gold*, atá chomh blasta le him folúil. Faoi dheireadh, táim níos dóchasaí anois ná mar a bhí.



BÁS MOZART

Seán Mac Mathúna

D'éag Mozart an 5 Nollag 1791 agus é 35 bliana d'aois agus cuireadh i reilig na mbochtán é an lá dár gcionn agus ní raibh ach triúr nó ceathrar ar a shocraid. Níl sé cinnte go raibh sagart ar an tsochraid. Is scéal fíorbhrónach é nach mbeidh fios riamh cén ait ina bhfuil sé curtha agus go speisialta cad é ba chúis a bháis ag aois chomh hóg sin. Ní raibh aon scrúdú iarbháis déanta ó shin i leith.

Is é Mozart an cumadóir ceoil is cailiúla agus is rathúla dá raibh riamh ann. Páiste éachtach (**prodigy**) ab ea é. Bhí sé ábalta an pianó a sheinm agus é ceithre bliana d'aois agus an fhidil an bhliain dár gcionn.




Chum sé a **chéad siansa** clasaiceach agus é 8 mbliana d'aois. Ceoltóir na cúirte ab ea a athair a bhí ag obair i gcúirt an ardeaspag in Salzburg agus a bhí ina mhúinteoir ceoil an-cháiliúil (úsáidtear a chuid leabhar fós chun an fhidil chlasaiceach a mhúineadh). Caitliceach dílis a bhí ann agus ina mhac freisin. Fuair Mozart óg post sa chúirt freisin nuair a bhí sé 13 bliana d'aois agus bhí sé sa chúirt go dtí go raibh sé 21 bhliain. Ní raibh Mozart sásta riamh bheith ag obair sa chúirt mar chuir an tArdeaspag cosc air aon cheol casta a chumadh. Mar sin, chum Mozart píosaí spioradálta an-cháiliúil le linn dó bheith i Salzburg. Nuair a thug an tArdeaspag bata agus bóthar dó sa bhliain 1777 tháinig deireadh lena chumadóireacht spioradálta beagnach. Chaith sé an chuid eile dá shaol i Vín

(**Vienna**) agus bhí sé ag brath go mór ar phátrúnacht an Impire Joseph. Ba bhall de na máistirmháisiún (**Freemasons**) é Joseph agus ghlac Mozart páirt sna máistiríúin freisin. Chum sé píosaí ceoil an-cháiliúil dona máistirmháisiún (mar shampla - *Die Zauberflöte* – *An Fhliúit Dhraíochta*). Bhí an bochtanas ag cur isteach ar Mozart i gcónaí agus bhí a lán chumadóirí eile in éadmhar air.

Cheap Mozart féin gur thug duine éigin nimh dó agus gurbh é sin an fáth go raibh sé chomh breoite sa bhliain dheireanach dá shaol. Oíche amháin agus é sa leaba tháinig teachtaire ó dhuine saibhir a d'iarr ar Mozart *Requiem* a chumadh agus thug an teachtaire suim mhór airgid dó chun an *Requiem* a chumadh. Thosnaigh Mozart ar an gcumadóireacht cé go raibh sé ag déanamh obair eile don Impire. Dúirt Mozart lena bhean chéile, Constanza, go raibh sé ag cumadh an *Requiem* dá shocraid féin. Chrom sé ag gol agus é ag cumadh an véarsa deireanach den *Dies Irae, dies illa*. Le linn na coicise roimh a bháis bhí a chorp agus a cheann borrach agus é i bpian an-ghéar ach mar sin féin lean sé ar aghaidh leis an cumadóireacht. Sa deireadh ní raibh sé ábalta an *Requiem* a chríochnú agus bhí ar a bhean Constanza (féach an pictiúir) duine eile a fháil chun é a chríochnú. I ndiaidh a bháis, d'admhaigh an Domhan gur ginias (**genius**) a bhí ann. Ceapann a lán daoine gur theachtair ó Dhia é. Mar shampla, dúirt Luciano Pavarotti nár chum Mozart an ceol ach go raibh Mozart ag tabhairt don saol an ceol a bheidh á sheinm sa saol eile.




Constanze Mozart



Ach ní fios fós cad ba chúis dá bháis agus é chomh hóg sin. Ní féidir linn ach a rá gur ceart dúinn bheith buíoch de Dhia gur tugadh cumadóir chomh iontach sin don chine daonna.

AG CRAOBHSCAOILEADH I nDOMHNACH BAT



Bhí ócáid phoiblíochta ar siúl le déanaí do na cumainn dheonacha atá ag freastal ar an bpobal i nDomhnach Bat. D'eagraigh Gaeilgeoirí an cheantair, faoi stiúir Dhiarmuid Ó Súilleabháin seastán (**stand**) chun eolas a scaipeadh faoi na ciorcail chomhrá, ranganna agus maidineacha caife. Labhair cúigear ag oscailt an taispeántais ach níor chuala mé ach focal amháin i nGaeilge uathu uile agus ba é sin "Sinéad", ainm duine de na

cainteoirí! Is trua nár lean siad comhairle a bhí ar na fógraí a dhear Ben Mac Lochlann (grianghraf). Bhí an tAire James O'Reilly i láthair agus ní fear é Diarmuid a ligean seans mar sin thart. Chaith sé tamaill ag craobhscaoileadh shoiscéal na Gaeilge don Aire. Tá súil againn go mbeidh níos mó ná focal amháin i nGaeilge le cloisteáil an bhliain seo chugainn!





FICSEAN OSNÁDÚRTHA

Siobhán Ní Riabhaigh

Is seanseánra é ficsean osnádúrtha (*supernatural*). Rianaíonn sé ó thús an naóú aois déag. Foilsíodh an t-úrscéal *Frankenstein* faoi ollphéist (*monster*) le Mary Shelly sa bhliain 1823. Ag deireadh na haoise sin sa bhliain 1897 d'fhoilsigh an tÉireannach Bram Stoker an t-úrscéal cáiliúil *Dracula* faoi vaimpír, a spreag go leor údar nua-aimseartha úrscéalta a scríobh faoi vaimpírí, srl. Tabharfaidh mé dhá shampla daoibh - an tsraith *The Vampire Diaries* (1991) agus an tsraith *The Twilight Saga* (2005). Baineann na leabhair seo le vaimpírí, le mic tíre agus le cailleacha. Ba sheánra an déagóra é ficsean osnádúrtha thart ó 2008 go dtí 2012 nuair a bhí na scannáin ar siúl sa phictiúrlann. B'fhíor Twi-hard (móidín na leabhar) mé nuair a bhí mé i mo dhéagóir. Is cuimhin liom a bheith ag troid le mo chairde ar scoil faoi na príomhbhuachaillí sa tsraith sin (cé acu ab fhearr— Edward Cullen, an vaimpír, nó Jacob Black an mactíre?). Tá clú agus cáil ar ficsean osnádúrtha ar an teilifís freisin. Ó 1997 go dtí 2003 bhí *Buffy the Vampire Slayer* le feiscint, faoi chailín a roghnaíodh le vaimpírí a mharú. Cruthaíodh 'spin-off' di faoi vaimpír (darbh ainm *Angel*) a bhí ar siúl ó 1994 go dtí 2004. Sa bhliain 2009 chruthaigh an CW Network i Meiriceá sraith teilifíse de na leabhair *The Vampire Diaries*. Is sraith an phobail é seo agus cruthaíodh 'spin off' darbh ainm '*The Originals*' in 2013 faoi chlann na mbunvaimpírí. I ngach sraith teilifíse agus sraith leabhar faoin ngrian, baineann na scéalta osnádúrtha le grá toirmiscthe. Tá sé soiléir, bliain i ndiaidh bliana go mbeidh suim ag daoine i bhficsean osnádúrtha i gcónaí, i measc na ndaoine óga ach go háirithe.



AN FÁTH GO BHFUIL MÉ I gCIORCAL COMHRÁ

Johanna Chaney

Chaith mé trí bliana déag ar scoil ag foghlaim na Gaeilge ach ní raibh sí go líofa agam nuair a d'fhág mé tar éis na hArdteistimeireachta. Is é mo bharúil gur mór an trua an rud sin. Gheall mé dom féin go mbeadh sí go líofa (*fluent*) agam lá éigean. Bhí mé an-ghnóthach ar feadh beagnach daichead bliain ag obair agus ag tógáil mo chlainne. Rinne mé iarracht an Ghaeilge a fhoghlaim ar roinnt ócáidí ach bhí sé an-deacair mar ní raibh a lán ama saoir agam chun staidéar a dhéanamh uirthi. D'éirigh mé ar scor (*retired*) as mo phost anuraidh. Ansin bhí an t-am saor agam chun an Ghaeilge a fhoghlaim.

Tá mé ag freastail ar rang Gaeilge uair amháin sa tseachtain anois. Tá sé an-tábhachtach triail a bhaint as an teanga a labhairt le daoine eile. Ní féidir an teanga a fhoghlaim gan í a labhairt go minic. Tá mé i mo chónaí i Sord. Chuaigh mé go dtí an leabharlann le déanaí chun ceist a chur ar an leabharlannaí an raibh ciorcal comhrá ag bualadh le chéile ann. Dúirt sí liom nach raibh. Ní raibh a lán eolais aici faoi chiorcail chomhrá sna leabharlanna i gContae Fhine Gall. Chuaigh mé ar an idirlíon (*internet*). Fuair mé amach go raibh ciorcal comhrá ag casadh le chéile go rialta i gcúpla leabharlann timpeall an chontae. Ghlaigh mé ar an leabharlannaí sna Sceirí. Dúirt sí liom go dtagann grúpa daoine le chéile chun an Ghaeilge a labhairt gach seachtain ach, an tseachtain sin, ní raibh siad ag bualadh le chéile ann. Dúirt sí go dtabharfadh sí mo sheoladh ríomhphoist (*e-mail*) don fhear a bhí ina chomhordaitheoir (*coordinator*) don ghrúpa. Go luath fuair mé ríomhphost uaidh ag tabhairt eolais dom faoi na háiteanna a mbíonn ciorcal comhrá ag teacht le chéile. Níl siad suite sa leabharlann níos mó. Casann an ciorcal comhrá le chéile ag a dó a chlog tráthnóna Dé Sathairn i siopa caifé *Cates* i nDomhach Bat. De ghnáth bíonn ochtar go deichniúr ann. Tá leibhéil éagsúla líofachta sa ghrúpa. Bíonn gach duine ag labhairt as Gaeilge ar feadh dhá uair an chloig. Tugann siad cabhair dá chéile.

Ó thosaigh mé ag freastal ar an ngrúpa seo tá mo chuid Gaeilge ag dul i bhfeabhas diaidh ar ndiaidh. Comhairlaím do dhuine ar bith atá ag iarraidh a chuid Gaeilge a fheabhsú bheith páirteach i gciorcail comhrá mar seo. Má labhraíonn tú Gaeilge mhaith cheana féin is cabhair duit bheith páirteach sa ghrúpa chun do chaighdeán a choinneáil go maith. Cuireann an dearcadh diúltach atá ag a lán daoine ar an nGaeilge isteach orm. Is rud an-bhrónach é. Mar sin baineann mé taitneamh as an am a chaitheamh le daoine a bhfuil grá don Gaeilge acu.

CÚRSAÍ SAN ÚCRÁIN

Scott De Builéir

“Ní bheidh aon ionchur (*intervention*) d'fhórsaí míleata”, arsa Sergey Lavrov, Aire Eachtrach na Rúise, ag caint faoin Úcráin os comhair macléinn ag Institiúid Stáit Caidreamh Idirnáisiúnta Mhoscó “*Táimid ag iarraidh réiteach síochánta don tragóid seo*”. Agus an ráiteas sin curtha ar fáil dúinn ina aonar, cheapfá gur ionraic iad na hiarrachtaí atá ag na húdaráis Rúiseacha maidir leis an Úcráin. Nuair a chaitear isteach san áireamh, an méid cúnaimh a sheol siad chun na hÚcráine sna trucaílí siúd, cheapfá gur comharsana maithe iad, ag tabhairt aire don tír iar-Shóivéadach. Is trua nach é sin an pictiúr iomlán.

Dúirt urlabhraí ón OSCE, (an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip), nach raibh seans acu go leor de na trucaílí cúnta Rúiseacha a sheiceáil, ach nach raibh mórán i roinnt acu. Tá rianta Rúiseacha ar ghunnaí nua de chuid na reibiliúnach in oirthear na hÚcráine, agus ar na pacáistí bia a bhíonn á n-ithe acu chomh maith. Fuarthas amach le déanaí go raibh grúpa saighdiúirí Rúiseacha “ar strae” i ndiaidh dóibh an teorainn leis an Úcráin a thrasnú.



“Ní bheidh aon ionchur ón Rúis”, a dúirt Lavrov. Aon ionchur 'sa bhreis' a bhí i gceist aige, b'fhéidir? Nó, conas a bheadh an Rúis in ann níos mó a dhéanamh faoin am seo? Is aisteach, áfach, an cás idir an Iarthar agus an Rúis anseo. Dá mba rud é go raibh an Úcráin ina ball den Aontas Eorpach nó de NATO, bheadh fórsaí cosanta láidre ar imeall na hÚcráine leis an tír a chosaint go héifeachtach. Ach, ní hé sin an cás; cogadh sa tseanstíl i ré nua atá ann anois; i ndiaidh do Putin an Chrimé a thógáil, is cosúil gur céim eile i dtreo *lebensraum* na Rúise atá ann anseo leis na ceantair Donyetsk agus Luhansk. Úsáidim an téarma, *lebensraum*, d'aonghnó anseo, mar tá iompar Putin i bhfad róchosúil le hiompar Gearmánach áirithe, ar fhoghlaim roinnt mhaith againn faoi ar scoil. Tá Putin ag rá go bhfuil níos mó céille ag an Iarthar gan fonn troda a bheith acu leis an Rúis, toisc an méid arm núicléach atá acu - agus daoine faoi leith a chur faoi chois, talamh a thógáil, Tá na heachtraí sin feicthe againn cheana.

Agus, fós, tá na húdaráis Eorpacha agus Mheiriceánacha róneirbhíseach chun mórán a dhéanamh. Braitheann an Ghearmáin, araon le tíortha eile in oirthear na hEorpa, ar an Rúis mar fhoinsé gáis. Is ionann ionsaí ar an Rúis agus ionsaí ar a gcuid foinsí agus geilleagar féin, mar sin. Nó, an bhfuil cúiseanna eile taobh thiar den leamhsháinn (*stalemate*) seo?

AR MHUIN NA gCAPALL

Edith Meredith

Bhí mé go maith ag an nGaeilge ar scoil ach tá go leor di dearmadta agam anois. Táim ag freastal ar rang Gaeilge agus gach seachtain téim go dtí an Mhaidin Chaife ‘as Gaeilge’ sna nGlaschnoic. Bainim taitneamh as bualadh le daoine eile do mo dhála féin agus bíonn ionadh agus sult orm as an mhéid a chuimhním fós. Tá sé ag teacht ar ais chugam gan amhras. Ní féidir liom gach a mbíonn san iris ‘*An Taobh Ó Thuaidh*’ a thuiscint ach is maith liom é agus cuireadh ina luí orm rud éigin a scríobh di. Seo daoibh mar sin. Ní raibh mé ach cúig bliana d’aois ag an am agus níor thig mé go hiomlán cad a bhí á rá ag m’athair. Bhí sé ag caint le mo mháthair faoi gheall a chuir ar chapall. Bhí mé fós ag smaointeamh faoina dúirt sé agus na focail ‘ar chapall’ saite i mo cheann. I mo shoineantacht shamhlaigh mé na capaill ag rith ar an ráschúrsa agus rud éigin ar shlat a ndroma. Is cuimhin liom m’athair ag lua ‘*a few bob*’. Bhí a fhios agam ansin go raibh airgead i gceist ach ní raibh mé in ann a thuiscint conas ab fhéidir leat airgead a chuir ar dhroim capaill mar nach shéadfadh sé as! Agus ansin thuig mé - cuirtear an t-airgead i mála diallaite agus é a fháscadh ar dhroim an chapail agus ritheann na daoine i ndiaidh na gcapall agus cibé duine a bheireann ar an gcapall deireanach (bíonn mála ar dhroim gach capaill) faigheann sé an t-airgead. Nuair a d’inis mé cad a bhí i mo cheann bhí gáire maith aige. Nach iontach an rud é soineantacht an pháiste!





AN CHOLÓIM

Philip Sexton

D'fhreastail mé ar bhainis sa Cholóim (**Colombia**) le gairid. Sin é an fáth go bhfuil níos mó eolais agam fuithí ná roimhe sin. Ar dtús, seo beagán tíreolaíochta. Is í an tír í i Meiriceá Theas atá nasctha le Meiriceá Láir - tríd an teorainn le Panama. Fadó, ní raibh in Panama ach réigiún eile na Colóime, ach scar Panama i 1903 chun bheith ina tír féin; bhí tionchar mór ag na Stáit Aontaithe ar an scaradh seo, toisc go raibh siad ag iarraidh smacht a fháil ar an gcanáil chluíteach a bhí á tógáil ag an am sin. Is rud suimiúil é go bhfuil Meiriceá Theas thoir ó Mheiriceá Thuaidh, den chuid is mó. Tá Bogotá, príomhchathair na Colóime, ar líne dhomhanfhaid (**longitude**) Nua-Eabhrac, a bheag nó a mhór.



Is í an Cholóim an t-aon tír san ilchríoch a bhfuil cósta aici ar an Muir Chairib agus ar an Aigéan Ciúin. Tá an-éagsúlacht ann ó thaobh timpeallachta de, idir sléibhte na nAindéas (**Andes**), aibhneacha agus gleannta, ceantair na gcóstaí, agus foraoiseacha báistí. Is í ceann de na tíortha is éagsúla ar domhan ó thaobh bithéagsúlachta (**biodiversity**) de, agus atá sa chéad áit ó thaobh éagsúlachta éan. Cé go bhfuil an tír ar an meánchiorcal (**equator**), tugann na sléibhte an-deis don phobal maireachtáil in áiteanna ina bhfuil an aeráid measartha. Dá bhrí sin, tá an chuid is mó de na cathracha suite sna sléibhte agus maireann móramh na ndaoine in áiteanna le teocht idir 17 is 24 °C. Is é Bogotá an chathair is airde (2600m) ar domhain de réir daonra (8m). Agus i leith Medellín (1500m), an dara cathair sa tír, tugtar “*La Ciudad de la Eterna Primavera*” uirthi - bíonn aimsir earrachúil (**springlike**) ann an bhliain go léir.

Bhí mo mhac ag pósadh mná Colómaí. Pósadh eaglaise a bhí ann. Mar a bheifeá ag súil leis, is í an Eaglais Chaitliceach an eaglais is mó sa Cholóim, ach tá eaglais chríostaí eile láidir freisin. Sa chás seo, saghas eaglais Shoiscéalaíochta (**Evangelical**) a bhí i gceist. Tharla an bhainis amuigh faoin spéir, faoin tuath. Bhí na haíonna gléasta de réir nós bainise Colómaí: na fir go simplí i mbriste bán agus léine bhán le muinchillí fada; na mná i ngúna dathúil geal - gan dubh le feiceáil agus gan glúin le feiceáil, an dtuigeann tú?



Thit an oíche thart ar 6.30 pm. Radharc álainn a bhí ann, na boird ar an bhfaiche agus soilse scaipthe anseo is ansiúd. Roimh ithe, tugadh cúpla óráid bheag, gan mórán tábhachta ag baint leo - ní raibh finné fir (**best man**) le feiceáil, de réir an nós

Cholómaigh. Béile simplí blasta a bhí ann. Níl mórán suime acu san ól, i gcomparáid leis na hÉireannaigh. Is breá leo sú torthaí - smaoinigh go bhfuil torthaí iontacha trópaiceacha ar fáil go háitiúil agus go flúirseach. Agus is breá leo an damhsa. Idir DJ agus banna ceoil, lean an ceol go dtí a haon a chlog ar maidin - damhsa salsa agus ceol na Colóime an t-am go léir.


Tá dea-cháil ar na Colómaigh mar gheall ar chomh cairdiúil is atá siad. Go deimhin, sin mar a bhí siad dúinne, agus rud eile suntasach (**significant**), tá siad an-bhródúil as a dtír. Tá siad tar éis tréimhse breis is caoga bliain a fhulaingt faoi fhadhbanna dlí agus oird thar cuimse. Ba iad na príomhchúiseanna ná ceannach polaitiúil (**political corruption**), foréigean polaitiúil agus cumhacht ollmhór trádála na ndronga mídhleathacha (**illegal gangs**). Le thart ar deich mbliana anuas, de réir a chéile, tá feabhas mór bainte amach acu agus tá seans maith ann anois go bhfuil todhchaí faoi bhláth i ndán don tír.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-9

TRASNA

SÍOS



- 1 to her (2)
- 2 handling (10)
- 6 taken (4)
- 7 love (3)
- 8 weakness (5)
- 11 sun (5)
- 13 porridge (5)
- 14 liver (2)
- 15 abbot (2)
- 16 testament (6)
- 19 lime (3)
- 20 home (5)
- 21 eagle (5)
- 23 seal (3)
- 25 hawk (7)
- 30 shame (5)
- 31 direction (4)
- 32 province (5)
- 34 drive (7)
- 37 eight (4)
- 38 moderate (7)

- 1 dock (4)
- 2 weak (3)
- 3 bag (4)
- 4 brine (5)
- 5 pleasant (4)
- 6 laugh (5)
- 9 wing (4)
- 10 tide (6)
- 11 smith (5)
- 12 mite (6)
- 13 day (2)
- 17 entry (8)
- 18 sorrow (4)
- 20 palm (3)
- 22 on (2)
- 26 soft (3)
- 27 swelling (2)
- 28 anguish (3)
- 29 mistake (5)
- 32 fog (3)
- 33 eat (3)
- 35 honey (3)
- 36 butter (2)



CUARDACH FOCAL 9

éin 2 / birds 2

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| H | C | A | E | N | R | Ó | C | O | I | R | E | A | C | H |
| A | D | F | E | R | I | A | C | G | P | O | A | R | Ú | Ó |
| L | E | A | L | N | O | G | É | D | H | C | Ú | N | N | C |
| L | L | P | É | G | Ú | I | P | H | A | C | L | Í | O | R |
| A | A | F | P | N | D | U | L | H | B | Í | U | B | Í | U |
| E | G | A | I | N | I | H | I | L | A | H | N | I | R | I |
| B | Í | Ó | G | F | P | A | B | A | E | C | D | L | F | D |
| C | R | U | Í | D | I | C | G | H | C | A | R | I | N | Í |
| G | P | N | P | U | A | F | N | C | H | E | C | P | A | N |
| N | Ó | C | U | H | B | Ú | B | A | É | N | D | H | E | S |
| I | E | D | B | I | C | I | O | L | A | R | O | L | A | C |
| F | D | A | A | H | D | A | E | S | N | I | A | G | L | E |
| F | E | G | B | E | N | Á | D | A | B | O | G | E | A | L |
| S | E | A | C | H | F | E | N | R | O | C | Í | O | R | I |
| P | F | A | D | H | C | Ú | N | P | U | C | A | I | R | E |



| | |
|-------------------------|------------------------------|
| buíóg (yellowhammer) | gobadán (sandpiper) |
| coirneach (osprey) | iolar (eagle) |
| cruidín (kingfisher) | pilibín (lapwing) |
| cúr (kite) | praslacha (teal) |
| eala (swan) | puifín (puffin) |
| fabhcún (falcon) | roilleach (oystercatcher) |
| feadóg (plover) | saidhbhear (kittiwake) |
| gainéad (gannet) | seabhac (hawk) |

MÍ NA CINNIÚNA SNA CLUICHÍ GAELACHA

IOMÁNAÍOCHT

Pádraig Mac Éil

Bhí sé soiléir ón gCluiche Ceannais ar an 7ú lá den mhí seo go raibh an dá fhoireann ab fhearr, Cill Chainnigh (CC) agus Tiobraid Árann (TA) ag imirt ann. Bhí an cluiche go hiontach, an ceann ab fhearr riamh i gcumhne na ndaoine. Bhí 82,179 duine i láthair agus na céadta míle eile ag leanúint an chluiche ar an teilifís. Ba sárthaispeántas ([showcase](#)) é do spórt na hiománaíochta do lucht féachana [Sky](#). Tá sé



dochreidte gurbh imreoirí amaitéaracha a bhí ar an bpáirc. Úsáideadh an córas Súil-seahhaic ([Hawk-eye](#)) chun an chéad chúilín (ó Colm Fennelly, CC) a dheimhniú. B'fhéidir gur thuar ([omen](#)) a bhí ansin faoi cad a bheadh le teacht! Chothromaigh John O'Dwyer (TA) na scóir go gasta. Bhí na foirne ar comhscór 0-5 go 0-5 sa dara nóiméad déag. Chuir Patrick Bonner Maher (TA) a fhoireann chun tosaigh le cúl san fhichiú nóiméad ach theip ar Séamus Callanan (TA) cúl eile a fháil ó phoc pionóis cúpla nóiméad ní ba dhéanaí. Ansin d'aimsigh Richie Power (CC) cúl ach shábháil an cúl báire ([goal-keeper](#)), Darren Gleeson,

cúl eile agus bhí Tiobraid Árann chun tosaigh, 1-13 in aghaidh 1-11, ag leath-am. Ní raibh an lucht féachana uile thar n-ais ina suíochán don dara leath ná go raibh cúl aimsithe ag TJ Reid (CC) agus bhí na foirne ar comhscór arís le cúilín ó Shane McGrath (TA). Bhí seans ag Lar Corbett (TA) agus Callanan (TA) cúil a fháil ach bhuail an sliotar an cuaille ([upright](#)) i gcás amháin agus cuireadh bac ([block](#)) air sa chás eile. Ní dhearna Richie Power (CC) aon bhotún lena chúl fiche nóiméad ón deireadh agus bhí a fhoireann chun tosaigh, 3-15 go 1-18. Theip ar John O'Dwyer (TA) poc pionóis a shlánú ([convert](#)) agus bhí an chuma ar an scéal, agus an scór 3-21 go 1-24 ina aghaidh, go mbeadh na teipeanna seo ina ábhar

aiféala ([matter of regret](#)) roimh dheireadh an lae. Ach níor chaill Tiobraid Árann a misneach, lean siad leis an troid agus bhí an scór cothrom arís ar 3-22 go 1-28. Bhí seans ag John O'Dwyer in am breise le poc pionóis óna line 45 slat ach cúpla orlach ar seachrán ([wide](#)) agus an Súil-seahhaic ag cur deiridh leis an gcluiche mar a chuir sé tús leis, an scór Cill Chainnigh 3-22 agus Tiobraid Árann 1-28. Sárchluiche le 54 scór i 68 nóiméad, cúriarracht nua sa chomórtas agus an tríú huair i ndiaidh a chéile don chluiche ceannais a chríochnú ar comhscór. Ní dócha go mbeidh an athimirt chomh hiontach ach guím go mbeidh sé! Bhí seansanna ag Tiobraid Árann an cluiche seo a bhuaic agus b'fhéidir nach mbeidh an méid céanna acu an chéad lá eile.



CAMÓGAÍOCHT

Pádraig Mac Éil

Ba é Cill Chainnigh rogha na ngeallghlacadóirí do Chluiche Ceannais Sinsear Camógaíochta na hÉireann nuair a bhuail siad leis na Corcaigh ar an 14ú lá den mhí seo. Chuir Katie Power an chéad chúilín dóibh agus cé go raibh na foirne ar comhscór le cúilín ó Julia White chuaigh na cailíní i ndubh agus in ómra ([black and amber](#)) chun tosaigh diaidh ar ndiaidh. Nuair a d'aimsigh Michelle Quilty cúl dóibh bhí meangadh gáire ar ghnúiseanna na ngeallghlacadóirí. Bhí an scór 1-6 go 0-4 ag leath-am i gcoinne na gCorcaíoch. Níl fhios agam cad a dúirt an bainisteoir le na



“Reibiliúnaigh” sa sos ach bhí fuinneamh nua iontu sa dara leath agus de réir a chéile thosaigh na scóir ag druidim níos cóngaraí. Nuair a d'aimsigh Jennifer O'Leary cúl sa 41 nóiméad bhí Corcaigh chun tosaigh don chéad uair sa chluiche. Ní raibh “Na Cait” in ann teacht ar ais agus chríochnaigh an cluiche le cúl ó Angela Walsh agus bua 2-12 i gcoinne 1-9 do Chorcaigh. Ba é seo an chéad uair ó 2009 a bhuaigh siad an comórtas.

